

Buaiteoirí Chomórtas Ealaíne an Earraigh



Martina Lawicka a bhuaigh an corn i gomórtas ealaíne an earraigh.

Bhí an-áthas ar choiste Ghlór Cheatharlach na gradaim a bhronnadh ar pháistí bunscóile a bhuaigh duaiseanna i gomórtas ealaíne an earraigh le déanaí. Bhí caighdeán na n-iarratas dochreidte i mbliana leis na céadta pictiúr tagtha isteach ó bhunscóileanna an cheantair. Tugadh cuireadh do pháistí bunscóile píosa ealaíne a dhearadh bunaithe ar théama an earraigh agus bhí cead acu aon saghas ealaíne a dhéanamh faoin téama céanna. Bhí rogha áille pictiúir ildaite san iomaíocht agus jab an-deacair ag na moltóirí na buaiteoirí a roghnú i ngach rannóg. Rinne moltóirí neamhspleácha píosa a roghnú don chéad agus dara háit i ngach rannóg ó rang a dó go rang a sé agus mholadar ardchaighdeán na bpíosaí ealaíne go léir. Seo liosta na mbuaiteoirí. I rannóg Rang 2 bhí Cáit Ní Bhuaigh as Scoil Bhinn an Choire sa chéad áit agus Kate Ní Riagáin as Scoil Thigh an Raoireann sa dara háit. I rannóg Rang 3 tháinig Kasia Pawlus, Scoil Mhuire gan Smál sa chéad áit agus Kim Kumpiranon, Scoil an Te-

aghlaigh Naofa sa dara háit. I rannóg Rang 4 bhí Martyna Lawicka, Scoil Mhuire gan Smál sa chéad áit agus Rosanna Bunbury, Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc sa dara háit. I rannóg Rang 5 don í Laoise Nic Óda, Scoil Naomh Laisrín Leithghlinn an Droichid a tháinig sa chéad áit agus Talia Ní Shioráin, Scoil an Teaghlaigh Naofa sa dara háit. I rannóg Rang 6 bhí Casey Nic Craith, Scoil Bhinn an Choire sa chéad áit agus Aisling Nic Fhachtina as Scoil Naomh Laisrín, Leithghlinn an Droichid sa dara háit. D'eagraigh Glór Cheatharlach ócáid taitneamhach le déanaí in Ionad Eolais Choláiste Cheatharlach ar Shráid na Tulaí chun na gradaim a bhronnadh ar na healaíontóirí óga agus chuir na buaiteoirí go léir fáilte roimh a nduaiseanna idir uibheacha cásca, earraí ealaíne, cluichí agus teastais. Bronnadh príomhdhuais an chomórtais ealaíne agus Corn Ealaíne an Earraigh ar Martyna Lawicka, dalta i rang a chethair, Scoil Mhuire Gan Smál as an bpictiúir álainn a rinne sí a léirigh teacht an earraigh agus críoch an gheimhridh. Ba mhaith le Coiste Fhéile na Gaeilge Cheatharlach buíochas ó chroí a ghabháil leis na scoileanna uile a ghlac páirt sa chomórtas i mbliana. Maith sibh go léir!

Gluais:	Glossary:
buaiteoirí	winner
duaiseanna	prizes
comórtas ealaíne	art competition
caighdeán	standard
iarratais	entries
téama	theme
moltóirí	adjudicators
ócáid	occasion
taitneamhach	pleasant
gradaim	awards
ealaíontóirí	artists



Buaiteoirí chomórtas ealaíne an earraigh.



Cliona Ní Chíosáin le Dara Mac Giollapháraig, Marcas Ó Leathlobhair agus Conchobhar Ó Fionnail as foireann Acadamh Naomh Muire ag Craobh Díospóireachta Gael Linn



Pic: Comórtas Amhránaíochta Eoraifíse na nÓg 2015

Comórtas Amhránaíochta Eoraifíse na nÓg 2015

Tá fhios ag cách go reachtálfar Comórtas Amhránaíochta Eoraifíse 2015 i Bhien na hOstaire ag deireadh Mhí Bealtaine agus is mór an spéis a léireoidh na meán idirnáisiúnta ann. Ach an raibh a fhios agat go mbíonn Comórtas Amhránaíochta Eoraifíse na nÓg ar siúl gach bliain chomh maith? Bhuel sin mar a bhíonn ach níor ghlac Éire páirt sa chomórtas áirithe seo riamh go dtí seo. Ní mar sin a bheidh i mbliana áfach agus tá ríméad ar TG4 a fhógairt go mbeidh an tír seo 'gainne páirteach agus in iomaíocht i mbliana don chéad uair riamh i gComórtas Amhránaíochta Eoraifíse na nÓg. Maíonn an stáisiún gur seo mórt-haibhseach a mhairfidh dhá uair an chloig agus a chraolfar beo as mórchathair éigin san Eoraip i Mí na Samhna 2015 a bheidh i gceist. Go heiseach ar TG4 agus beidh an

t-amhrán as Gaeilge! Ach roimhe sin caithfear teacht ar an amhrán a bheidh mar iontráil na hÉireann sa chomórtas. Chuige sin reachtálfar sraith siamsaíochta an fóimhar seo ar TG4 chun amhránaí nó grúpa amhránaithe le hamhrán nua-chumtha Gaeilge a aimsiú chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ar stáitse mór éigin san Eoraip. Táthar ag cuardach iarratais anois. Is féidir le daoine óga a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus a bheidh ós cionn deich mbliana d'aois agus faoi bhun cúig bliana deag d'aois ar dháta craolta an tseó iarratas a dhéanamh ar an gComórtas Amhránaíochta Eoraifíse 2015. Reachtálfar éisteachtaí i bpríomh ionaid ar fud na hÉireann go luath ag lorg iarratasóirí le roghnú d'éisteachtaí. An comhlacht teilifíse neam-

hspleách Adare Productions atá i mbun léirithe. Tá gach eolas ar fáil ar an suíomh www.tg4.ie/junioreurovision agus ón léiritheoir Nicky O'Sullivan ar nicky@adareproductions.ie nó 01 2843877.

Gluais:	Glossary:
Eoraifíse	Eurovision
Bhien	Vienna
Eoraifíse na nÓg	Junior Eurovision
comórtas	competition
ríméad	thrilled
mórt-haibhseach	spectacular
beo	live
go heiseach	exclusive
iontráil	entry
sraith	series
siamsaíocht	entertainment
ionadaíocht	represent
iarratasóirí	applicants
éisteachtaí	auditions
léiritheoir	producer

Craobh Chomórtas Díospóireachta Gael Linn

Rug foirne ó Mheánscoil Chnoc na Labhras, Luimneach, agus ó Choláiste Belvedere an bua leo ag Craobh na hÉireann de Chomórtas an Phiarsaigh Gael Linn 2015 i Má Nuad ar an Déardaoin, 26 Márta. Ba é seo buaicphointe na bliana den chomórtas díospóireachta seo a reachtáilann Gael Linn do scoileanna dara leibhéal ar fud na tíre agus ina raibh breis agus 150 foireann páirteach ó mhí na Samhna seo caite. Ghlac foirne as roinnt scoileanna i gCeatharlach páirt ins na díospóireachtaí i mbliana agus d'éirigh le hAcadamh Naomh Muire dul ar aghaidh chomh fada leis an gCraobh Chomórtas.

"Tá téarma eile cumhachta tuillte ag an rialtas reatha!" an rún a pléadh sa chraobh shinsearach. Foirne ó Phobalscoil Naomh Attracta, Tobar an Choire, Co. Shligigh, Coláiste Belvedere, Baile Átha Cliath, Acadamh Naomh Muire, Ceatharlach agus Coláiste Chiarain, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara, a bhí san iomaíocht. Bhí sárchaighdeán díospóireachta ann, agus ghlac sé tamaillín ar na moltóirí, Liam Mac an Mhao-

ir, Máire Mhic Mhathúna, Fergus Ó Conghaile, Naoise Ó Cearúil agus Máirín Uí Mhuiri, na buaiteoirí a roghnú. Ba iad foireann Choláiste Belvedere a d'ardaigh an corn ar deireadh. Is í an t-aisteoir Cliona Ní Chíosáin, a bhí mar aoichathaoirleach don ócáid. Threasaigh sí leis na rannpháirithe uilig as na scileanna maithe díospóireachta a bhí acu. Bhí dea-chuimhne aici féin ar a bheith páirteach sa chomórtas díospóireachta agus í mar mhac léinn in Iarbunscóil Mhá Nuad, agus dúirt sí gur sheas an taithí go mór di agus í ag déanamh a bealach ina gairm beatha roghnaithe.

Bronnadh buanchorn agus duais €1,000 ar na foirne buacacha i roinn na sóisear agus i roinn na sinsear agus ghnóthaigh na foirne eile ar fad a bhí rannpháirteach sa chraobh duais de €250. Anuas air sin, bronnadh leathscólaireacht ar gach scoláire le freastal ar a rogha Coláiste Samhraidh Gaeltachta de chuid Gael Linn.

Déanann Glór Cheatharlach com-

hgháirdeachas ó chroí le foireann Acadamh Naomh Muire agus a gcuid múinteoirí a thug treoir agus spreagadh dóibh thar chuig bhábta den chomórtas díospóireachta i mbliana. Tá éacht mhór bainte amach acu.

Gluais:	Glossary:
díospóireacht	debate
comórtas	competition
comórtas	highlight
buaicphointe	final
craobh	motion
rún	cup
corn	actor
aisteoir	prize
duais	scholarship
scoláireacht	achievement
éacht	

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
 Glór Cheatharlach,
 Sráid an Choláiste,
 Ceatharlach
 (059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie
www.glorcheatharlach.ie
 Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!